# An Garda Síochána

## Faisnéis d'Íospartaigh



# Clár Ábhar


Cearta íospartaigh 3

Coir a thuairisciú 5

Cosaint a thabhairt d'íospartaigh 11

Do chás féin 17

An triail (an t-ionchúiseamh) 21

Cúnamh eile 27

Oifigí Seirbhíse an Gharda Síochána d'Íospartaigh 31

Láithreáin ghréasáin áisiúla 38


Nuashonraithe Meitheamh 2021

# Cearta íospartaigh

**Nuair is íospartach na coireachta thú, tá tú i dteideal an mhéid seo a leanas:**

- **faisnéis,**
- **tacaíocht, agus**
- **cosaint.**

**Cuireann eagraíochtaí ceartais choiriúil Stáit na seirbhísí seo ar fáil (féach 'Cúnamh eile' ar leathanach 27).**

## Céard is íospartach coireachta?

Is éard is íospartach coireachta ná duine a bhfuil díobháil déanta dó mar thoradh ar an gcoir sin agus féadfaidh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis an díobháil sin:

- corpartha,
- meabhrach,
- mothúchánach,
- geilleagrach.

Íospartach na coireachta atá i nduine muinteartha ar fuair duine muinteartha leis/léi bás mar gheall ar chion coiriúil.

Áirítear le daoine muinteartha céile nó páirtnéir a chónaigh le híospartach i gcomhtheaghlach. Meastar gur daoine muinteartha iad siblíní, cleithiúnaithe agus neasghaolta, chomh maith. Ciallaíonn sé sin go bhfuil siad i dteideal faisnéis, tacaíocht agus cosaint a fháil, chomh maith.



# Coir a thuairisciú

## An mbeidh orm fianaise a thabhairt?

- Mar íospartach na coireachta, bíonn ról tábhachtach agat sa chóras dlí choiriúil. B’fhéidir go mbeidh ort fianaise a thabhairt i gcúirt.
- Is féidir iarraidh ort fianaise a thabhairt in éisteacht bhannaí. Is éard is éisteacht bhannaí ann nuair a lorgaíonn an duine a rinne an choir i d’aghaidh fanacht saor go dtí a n-éisteacht chúirte.
- Is féidir iarraidh ort, chomh maith, ar mhaith leat sonraí a thabhairt don chúirt faoi conas a rinne an choir difear duit. Tugtar Ráiteas Tionchair Íospartaigh air seo agus is gnách go n-éisteann an chúirt leis sula ritear pianbhreith.
- Déanann an Stát daoine a ionchúiseamh a thugann faoi choir. Ní gá duit d’aturnae féin a fhostú do chás coiriúil.

## Conas a dhéanfaidh mé coir a thuairisciú?

- Cuir glaoch ar **999/112** más cás éigeandála atá ann.
- Cuir glao ar do Stáisiún Gardaí áitiúil nó buail isteach chuig do stáisiún áitiúil tú féin.

Amanna, b'fhéidir gur fusa teagmháil a dhéanamh leis an Stáisiún Gardaí agus coinne a dhéanamh chun cuairt a thabhairt air.

## Sa chás nach bhfuil Béarla agat

Más gá, cuirfimid seirbhís aistriúcháin ar fáil, ionas go gcuirfear an caighdeán céanna seirbhíse ar fáil duit a bheadh curtha ar fáil d'aon íospartach na coireachta, a oiread is gur féidir.

## Cén ceisteanna a chuirfidh an Garda orm nuair a thugaim coir le fios?

Pé uair a dhéanann tú an Garda Síochána a chur ar an eolas ar choir, cé acu más íospartach nó finné thú, iarrfaimid ort an méid seo a leanas a dhéanamh:

- A mhéid faisnéis agus is féidir leat a thabhairt dúinn faoin gcion.
- Insint dúinn má bhíonn aon bhuarthaí ort faoi do shábháilteacht (nó sábháilteacht do theaghlaigh), chun gur féidir linn comhairle chuí a chur ort.
- Do shonraí teagmhála a thabhairt chun gur féidir linn thú a choimeád ar an eolas faoi conas atá ag éirí leis an imscrúdú.
- Sinn a choimeád ar an eolas le haon fhaisnéis nua. B'fhéidir go dtabharfaidh tú caillteanais nó díobháil bhreise i ndiaidh go dtugann tú an cion le fios den chéad uair.
- Cuir ar an eolas sinn má bhíonn tú thíos le héifeachtaí breise i ngeall ar ghortú a rinne an choir ort.
- Cuir ar an eolas sinn má thagann athrú ar do shonraí teagmhála.
- Inis dúinn má tá tú toilteanach go n-atreoróimid thú chuig seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh.

## Cad ar féidir liom súil a bheith leis go ndéanfar i ndiaidh mo thuairisce?

- Déanfaimid imscrúdú ar do ghearán.
- Tabharfaimid ainm, uimhir ghutháin agus stáisiún an Gharda imscrúdaithe agus uimhir speisialta duit – uimhir theagmhais PULSE – a chuireann do thuairisc i gcuntas.
- Déanfaidh an Garda imscrúdaithe, Oifig Seirbhíse an Gharda Síochána d'Íospartaigh nó Oifigeach Idirchaidrimh do Theaghlaigh teagmháil leantach leat, faoi mar is cuí, ag brath ar chúinsí na coire.
- Scríobhfaimid leis an ngearán foirmiúil a rinne tú leis na Gardaí a aithint. Áireofar leis an gcáipéis seo faisnéis bhunúsach faoin gcion coiriúil a thug tú le fios. Is féidir linn an cháipéis seo a sholáthar i do theanga labhartha más mian leat.
- Ag brath ar shaghas na coire, féadfaimid an fhaisnéis seo a thabhairt duit duine ar dhuine seachas i scríbhinn.



Coir a thuairisciú

- Déanfaidh Oifig áitiúil Seirbhíse an Gharda Síochána d'Íospartaigh, an Garda imscrúdaithe nó an tOifigeach Idirchaidrimh do Theaghlaigh, teagmháil leantach leat, faoi mar is cuí, ag brath ar Chineál na coire le thú a chur ar an eolas ar fhorbairtí suntasacha a thagann ar imscrúdú do ghearáin.

## An féidir liom duine éigin a thabhairt liom nuair a thugaim coir le fios?

Is féidir. Mar íospartach, is féidir leat do rogha duine a thabhairt leat chun tacú leat sna cásanna seo a leanas:

- tugann tú coir le fios;
- déanann tú ráiteas foirmiúil;
- tá agallaimh bhreise á ndéanamh agat leis na Gardaí.

Is féidir leat ionadaí dlíthiúil, aturnae, a thabhairt leat, chomh maith.

Faoi roinnt cúinsí, áfach, is féidir le comhalta den Gharda Síochána iarraidh ort duine éagsúil a roghnú chun dul in éineacht leat, ionadaí dlíthiúil ina measc.

Is féidir le comhalta den Gharda Síochána duine éigin a stopadh ó thú a thionlacan sna cásanna seo a leanas:

- ní théann sé chun do shárleasanna;
- dhéanfadh sé difear d’aon imscrúdú nó imeachtaí coiriúla.

Ní chuireann seo cosc ort ó dhuine eile a roghnú chun dul in éineacht leat a fhad agus go bhfuil an Garda imscrúdaithe sásta go bhfuil siad oiriúnach.

## Cá féidir liom léargas ginearálta a fháil ar an bpróiseas imscrúdaithe?

Chun teacht ar léargas ginearálta iomlán ar an bpróiseas, féach ar an **mír Ceisteanna Coitianta (CCanna)**.

# Cosaint a thabhairt d’íospartaigh

**Mar íospartach, déanfaimid measúnú ar do riachtanais, le do chomhoibriú. Sainaithneoimid aon saincheisteanna maidir le do shábháilteacht. Déanfaimid measúnú, chomh maith, ar do leochaileacht i leith an mhéid seo a leanas:**

- **frithbheart (nuair a d’fhéadfá bheith i mbaol daoine mar thoradh ar an méid a thug tú le fios dúinn);**
- **imeaglú (nuair a dhéanann daoine eile iarracht tionchar a imirt ort);**
- **athíospairt (nuair a chruthaítear suaitheadh breise duit mar thoradh ar an imscrúdú a dhéantar ar do choir agus d’eispéireas sa chúirt).**

## Oifigí Seirbhíse an Gharda Síochána d’Íospartaigh

Bíonn gach Oifig Seirbhíse Roinne an Gharda Síochána d’Íospartaigh (GVSO) ar oscailt ó 9.00am go 5.00pm, ó Luan go hAoine. Déanfaidh na daoine seo a leanas teagmháil leantach le gach íospartach na coireachta, faoi mar is cuí, ag brath ar chúinsí na coire:

- an Garda imscrúdaithe,
- Oifigí Seirbhíse an Gharda Síochána d’Íospartaigh,
- Oifigeach Idirchaidrimh do Theaghlaigh.

Is féidir leat teacht ar liosta iomlán de láithreacha agus teagmhálaithe Oifig Seirbhíse an Gharda Síochána d’Íospartaigh ar leathanach 31.

## Leanaí ar Íospartaigh iad (faoi 18 mbliana d’aois)

Caithfimid le gach leanbh a dhéanann teagmháil linn le dínit.

Aithnímid go mbeidh gá i gcónaí le machnamh ar leith a dhéanamh ar leanaí maidir lena riachtanais. Is féidir linn agallóirí ar cuireadh oiliúint speisialta orthu chun agallamh a chur ar leanaí nuair a bhraitheann an leanbh níos compordaí.

Nuair is gá, déanfaimid leanbh a atreorú chuig Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach – ar aon dul le **Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí’.**

## Riachtanais ar leith

Má bhíonn tú faoi aon fhoirm de mhíchumas, cuirfimid do riachtanais ar leith san áireamh. Cuir ar an eolas sinn, le do thoil, má bhíonn aon riachtanas ar leith agat nó cén tacaíocht is féidir linn a úsáid chun cabhrú leat.

Cosaint a thabhairt d'íospartaigh

## Cionta gnéasacha

Léireoimid íogaireacht ar leith maidir le cionta gnéasacha. Má iarrann tú air, is féidir linn Garda den inscne chéanna a chur ar fáil, sa chás gur féidir. Nuair is féidir, socróimid go ndéanfaidh dochtúir den inscne chéanna cóir leighis a chur ort nó scrúdú a dhéanamh ort. D'fhéadfadh nach mbeadh é seo indéanta amanna, áfach.

Tabharfaimid sonraí duit faoi eagraíochtaí tacaíochta d'íospartaigh chionta gnéasacha.

## Teaghlaigh a bhíonn thíos le méala

Más duine muinteartha thú le híospartach dúnmharaithe nó íospartach de mharú neamhdhleathach eile, sannfaimid Oifigeach Idirchaidrimh do Theaghlaigh den Gharda Síochána duit. Beidh siad freagrach as idirchaidreamh a dhéanamh leat i rith an imscrúdaithe.

Tabharfaidh siad faisnéis chruinn agus thráthúil duit ar dhul chun cinn imscrúdú an Gharda Síochána. Tabharfaidh siad sonraí teagmhála duit, chomh maith, faoi na heagraíochtaí tacaíochta d'íospartaigh ar féidir leo tacú leat.

## Íospartaigh dhrochíde sa teaghlach

I gcásanna drochíde sa teaghlach, is féidir linn céilí nó páirtnéirí a ghabháil chun tú féin agus do theaghlach a chosaint nuair a cheadaítear sa dlí. Inseoimid duit cén bearta cosanta ar féidir leat iarratas a dhéanamh orthu sna cúirteanna.

Má tá tú féin nó duine a bhfuil aithne agat orthu thíos le foréigean teaghlaigh, gnéasach nó inscnebhunaithe, tá seirbhísí áitiúla agus náisiúnta ann lena dtacaíonn an rialtas.

Chun teacht ar liosta iomlán de na seirbhísí seo, tabhair cuairt, le do thoil, ar **www.cosc.ie**.

## Teagmhais chiníocha

Más íospartach de theagmhas ciníoch thú, cuirfimid ar an eolas thú ar sheirbhísí Oifigigh Éagsúlachta an Gharda Síochána i do cheantar.

## Pobail Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha agus Trasinscneacha (LADT)

Más íospartach de theagmhas homafóbach thú, cuirfimid comhairle duit faoi na seirbhísí Oifigigh Éagsúlachta Garda de chuid an Gharda Síochána atá ar fáil i do cheantar féin.

# Do chás féin

## Conas a choimeádtar ar an eolas mé faoi mo chás?

Fad a bhíonn imscrúdú á dhéanamh ar do ghearán, is féidir leat iarraidh ar an nGarda a dhéanann imscrúdú ar do chás sonraí a thabhairt faoi fhorbairtí suntasacha a thagann ar an imscrúdú.

Is féidir leat iarraidh orthu na sonraí seo a thabhairt ag aon tráth i rith an imscrúdaithe nó i ndiaidh aon imeachtaí a bhaineann le do chás.

Is féidir leat aon iarraidh a athrú (a leasú), chomh maith, ag aon tráth.

Má iarrann tú orainn thú a choimeád cothrom le dáta ar an gcás, seo a leanas saghas na faisnéise is féidir linn a thabhairt duit, faoi réir reachtaíochta.

**Faisnéis fút féin**

Is féidir linn cóip de do ráiteas a sheoladh chugat, más mian leat.

**Faisnéis faoin gcúisí a ghabháil agus a chúiseamh**

Is féidir linn faisnéis a thabhairt duit, chomh maith, faoin méid seo a leanas:

- duine a ghabháil agus a chúiseamh;
- saghas an chiona ar cúisíodh iad ina leith.

Is féidir linn faisnéis a thabhairt duit faoi dhuine a scaoileadh ar bhannaí nó a athchur faoi choimeád. Is féidir a áireamh leis an bhfaisnéis seo coinníollacha a mbannaí (a scaoileadh sealadach fad a fhanann siad lena dtriail).

**Scaoileadh nó éalú ó choimeád**

Is féidir linn, más mian leat, thú a chur ar an eolas má scaoiltear nó má éalaíonn an ciontóir ó choimeád nuair a bhíonn siad faoi choimeád an Gharda Síochána nó ar athchur (i bpríosún ag fanacht le triail).





Is féidir leat na sonraí seo a leanas a fháil faoi chiontóir ciontaithe:

- scaoileadh sealadach nó éalú ó choimeád;
- bás, má tá téarma príosúnachta á chaitheamh acu.

## Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Is é ról an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (an SIP) chun cinneadh a dhéanamh faoi cé acu daoine a ionchúiseamh nó gan iad a ionchúiseamh i ngeall ar choireanna a dhéanamh agus ar cad ba cheart a bheith i gceist leis na cúisimh. A luaithe a thosaíonn an t-ionchúiseamh, bíonn Oifig an SIP i gceannas ar an gcás ionchúisimh. Más mian leat tuairim a nochtadh faoi sheirbhís Oifig an SIP i rith imeachtaí coiriúla do cháis, déan teagmháil le:

**An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí**
Bóthar na hOtharlainne
Baile Átha Cliath 7
Guthán **+353 (0)1 858 8500**
Láithreán Gréasáin **www.dppireland.ie**

## Mura bhfuil an cás chun leanúint ar aghaidh

Má rinneadh an cinneadh chun nó gan leanúint ar aghaidh le himscrúdú nó chun éirí as imscrúdú, is féidir linn achoimre a thabhairt duit ar na cúiseanna a bhíonn leis seo.

Má dhéantar cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh, is féidir linn a chur in iúl duit conas achoimre a fháil ar na cúiseanna. Má theastaíonn uait, is féidir linn insint duit conas athbhreithniú ar an gcinneadh seo a fháil.

# An triail (an t-ionchúiseamh)

**Má chúisítear duine, is féidir linn, más mian leat, dáta na trialach a insint duit agus an áit a mbeidh sé ar siúl.**

**Má chiontaítear duine, is féidir linn, más mian leat, dáta agus áit na pianbhreithe nó aon achomhairc a insint duit.**

## Socruithe speisialta

Má shainaithnímid aon bhuarthaí, is féidir socruithe speisialta a dhéanamh lena chinntiú go mbraitheann tú chomh comhpordach agus is féidir i rith an cháis chúirte. D'fhéadfaí a áireamh leo seo:

- ligeann duit foirgneamh cúirte a iontráil agus a fhágáil trí bhealach nach bhfuil ar oscailt don phobal;
- an pobal a choimeád amach ón gcúirt;
- fianaise a thabhairt trí nasc beo teilifíse nó taobh thiar de scáileán.

Cuirfimid comhairle ar fáil duit faoi do shlándáil phearsanta nó faoi conas do réadmhaoin a chosaint.

## Costais chúirte

Má iarradh ort bheith mar fhinné i gcúirt, féadfaidh tú do chostais a athéileamh.

Má théann cás ina bhfuil baint agat a fhad leis an gcúirt, íocann an Garda Síochána costais finné áirithe. Is ionann seo agus an costas a bhíonn ort a íoc as teacht chuig an gcúirt chun fianaise a thabhairt.



An triail (an t-ionchúiseamh)

Is féidir na costais seo a leanas a áireamh:

- taisteal;
- béilí;
- cóiríocht i gcásanna áirithe.

Íocfaidh an Ceannfort Garda (Oifigeach Ceantair) sa cheantar ina bhfuil an cás á ionchúiseamh do chuid costas. Tá sonraí teagmhála do gach Stáisiún Gardaí ar fáil **anseo**.

Is féidir leis an nGarda a dhéileálann le do chás a shocrú go n-íocfar do chostais. Is féidir leo iarraidh ort fáltais a thabhairt do do chuid costas. I gcásanna áirithe, b’fhéidir gur féidir roinnt costais a íoc roimh an gcás chun gur féidir leat taisteal chuig an gcúirt.

## Cúnamh dlí

Faoi chúinsí áirithe, b’fhéidir go mbeidh tú i dteideal cúnamh dlí saor in aisce a fháil mar íospartach ciona ghnéasaigh nó drochíde sa teaghlach. Ceadaíonn seo duit go ndéanfaidh duine éigin ionadaíocht duit sa chúirt. B’fhéidir

go mbeidh tú i dteideal comhairle dlí saor in aisce a fháil, chomh maith, má bhí tú mar íospartach na gáinneála ar dhaoine, mar shampla.

Chun teacht ar bhreis faisnéise, féach láithreán gréasáin an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil ag **www.legalaidboard.ie**.

## Seirbhís idirchaidrimh príosúin

Má tá duine faoi choimeád agus má ciontaíodh iad i leith coir a dhéanamh i d'aghaidh, is féidir leat iarraidh ar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann faisnéis a thabhairt faoi fhorbairtí suntasacha a thagann ar a bpianbhreith.

Is féidir leat seo a dhéanamh má chláraigh tú chun an fhaisnéis sin a fháil. Chun teacht ar bhreis sonraí faoi conas clárú, féach **www.irishprisons.ie**.





## Cúiteamh

### Cúiteamh ón mBinse

Déanann an Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla breithniú ar iarratais a dhéanann daoine a bhíonn thíos le díobháil phearsanta gortú nó bás mar thoradh ar choir foréigin.

Is féidir leis an mBinse cúiteamh a bhronnadh bunaithe ar aon chostais as póca, caillteanas tuillimh ina measc, a mbíonn an t-íospartach thíos leo, a fhad agus is féidir leat fáltais nó fianaise eile a thaispeáint.

Caithfidh gur cuireadh na Gardaí ar an eolas ar an teagmhas ba chúis leis an díobháil gan mhoill. Tá teorainn ama trí mhí ar éileamh a dhéanamh, ach is féidir é seo a shíneadh faoi chúinsí eisceachtúla.

Má fuair an t-íospartach bás mar thoradh ar an teagmhas, is féidir leis an mBinse cúiteamh a bhronnadh ar chleithiúnaithe an íospartaigh.

## Cúiteamh ó chiontóir

Seachas ón Scéim Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla, d'fhéadfaí cúiteamh a bhronnadh ar íospartaigh choire foréigní trí ordú cúirte. Féadfaidh cúirt a ordú go n-íocann ciontóir cúiteamh le híospartach mar chuid de chás coiriúil.

I gcásanna ina bhfuil cás cúirte ar siúl agus inar chuir an t-íospartach isteach freisin ar chúiteamh faoin Scéim, áfach, is gnách go mbíonn an Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla ag feitheamh le toradh an cháis sula ndéanfar cinneadh faoin iarratas. Is amhlaidh atá seo mar gheall nach gceadaítear cúiteamh dúbailte faoi théarmaí na Scéime don teagmhas céanna atá mar ábhar an iarratais.

Is féidir breis faisnéise a fháil ó:

**An Scéim Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla**

An Roinn Dlí agus Cirt
Cearnóg an Easpaig, Cnoc Réamainn
Baile Átha Cliath 2, D02 TD 99
Guthán **+353 (0)1 479 0290**
Ríomhphost **criminalinjuries@justice.ie**

# Cúnamh eile

**Is féidir linn cabhrú leat má bhíonn aon deacrachtaí agat a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do do chumas do scéal a insint nó tuiscint a fháil ar an méid a insímid duit. D'fhéadfadh seo a bheith mar gheall ar an méid seo a leanas:**

- **do chúinsí pearsanta;**
- **míchumas foghlama;**
- **suaitheadh.**

## Ateangairí

Is féidir linn ateangairí cuí a chur ar fáil. Daoine aonair neamhspleácha iad nach bhfuil fostaithe ag an nGarda Síochána.

## Teacht ar sheirbhísí tacaíochta d'íospartaigh

Tá líon mór seirbhísí tacaíochta íospartach ann (féach an liosta ar leathanach 38). Má thugann tú toiliú, socróidh comhalta den Gharda Síochána go n-atreorófar thú chuig seirbhís tacaíochta d'íospartaigh chuí.

## Coireanna a dhéantar lasmuigh d'Éirinn

Má thugann tú coir le fios dúinn a tharla lasmuigh d'Éirinn, is féidir linn an tuairisc a chur faoi bhráid an údaráis chuí sa tír inar tharla an choir gan mhoill.

## Cuairteoirí go hÉirinn

Más cuairteoir go hÉirinn thú agus más íospartach coire thú, féadfaidh tú é seo a thabhairt le fios ag aon stáisiún Gardaí. Glacfaimid le do ráiteas láithreach agus, le do thoiliú, atreoróimid thú chuig seirbhísí Sheirbhís Chúnaimh do Thurasóirí in Éirinn (ITAS).

Cuireann ITAS seirbhís saor in aisce ar fud na tíre ar fáil a chuireann tacaíocht agus cabhair láithreach ar fáil do chuairteoirí a bhíonn thíos le coireacht nó le heachtraí trámacha eile fad a bhíonn cuairt á tabhairt acu ar Éirinn.

| | |
|---|---|
| Guthán | **+353 (0)1 666 9354** |
| Láithreán Gréasáin | **www.itas.ie** |

## Seirbhísí Ceartais Aisiríoch

Is éard is Ceartas Aisiríoch ann nuair a chuirtear cruinniú ar siúl idir íospartach, an ciontóir agus an duine neamhspleách atá oilte i dtaobh cruinnithe a bhainistiú. Ag an gcruinniú, is féidir leis an íospartach a scéal a insint chun gur féidir leis an gciontóir dul i ngleic le fíor-iarmhairtí na coireachta – agus a oiread díobháil agus is féidir a chur ina ceart.

Más íospartach na coireachta thú agus má tá an ciontóir faoi 18 mbliana d'aois, is féidir cuireadh a thabhairt duit páirt a ghlacadh i gcomhdháil teaghlaigh (cruinniú), áit a bhféadfá do chuid

dhearctaí a nochtadh agus breith déanta orthu.

Is féidir teacht ar níos mó faisnéise ag **www.probation.ie**

## An bhfuil tú míshásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil duit?

Mura bhfuil tú sásta lenár seirbhís nó má bhíonn aon cheisteanna, moltaí nó aiseolas agat ar an mbealach a chaithcomhaltaíanGhardaSíochánaleat,déanteagmháil, ledothoil,ledoCheannfortGardaáitiúil.Táagcuidsonraí teagmhála ar fáil **anseo**.

Nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh le d'Oifig áitiúil Seirbhíse an Gharda Síochána d'Íospartaigh.

Is féidir leat gearán a dhéanamh, chomh maith, le **Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána**


Baile Átha Cliath 1

Íosghlao **1890 600 800**

Guthán **+353 (0)1 871 6727**



# Oifigí Seirbhíse an Gharda Síochána d'Íospartaigh Uile ar Fud na Tíre



**1 An Cabhán / Muineachán**
Béal Átha Conaill, Co. an Chabháin
Guthán **(0)49 952 5807**
Ríomhphost **CavanMonaghan.VictimService@garda.ie**

**2 An Clár**
Inis, Co. an Chláir
Guthán **(0)65 684 8194**
Ríomhphost **Clare.VictimService@garda.ie**

**3 Cathair Chorcaí**
Sráid Anglesea, Corcaigh
Guthán **(0)21 454 8524**
Ríomhphost **CorkCity.GardaService@garda.ie**

**4 Corcaigh Thuaidh**
Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí
Guthán **(0)25 82158**
Ríomhphost **CorkNorth.VictimService@garda.ie**

**5 Corcaigh Thiar**
Droichead na Bandan, Co. Chorcaí
Guthán **(0)23 885 2295**
Ríomhphost **CorkWest.VictimService@garda.ie**



Oifigí Seirbhíse an Gharda Síochána d'Íospartaigh Uile ar Fud na Tíre

**6 RCBÁC Thoir**
Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath
Guthán **(0)1 666 5063**
Ríomhphost **DMREast.VictimService@garda.ie**

**7 RCBÁC Thuaidh-Lár**
Sráid an Stórais, Baile Átha Cliath 1
Guthán **(0)1 666 8108**
Ríomhphost
**DMRNorthCentral.VictimService@garda.ie**

**8 RCBÁC Thuaidh**
Baile Munna, Baile Átha Cliath 9
Guthán **(0)1 666 4463**
Ríomhphost **DMRNorth.VictimService@garda.ie**

**9 RCBÁC Theas-Lár**
Sráid an Chaoimhín, Baile Átha Cliath 8
Guthán **(0)1 666 9474**
Ríomhphost
**DMRSouthCentral.VictimService@garda.ie**

Oifigí Seirbhíse an Gharda Síochána d'Íospartaigh Uile ar Fud na Tíre

10 **RCBÁC Theas**
Cromghlinn, Baile Átha Cliath 12
Guthán **(0)1 666 6263**
Ríomhphost **DMRSouth.VictimService@garda.ie**

11 **RCBÁC Thiar**
Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11
Guthán **(0)1 666 7563**
Ríomhphost **DMRWest.VictimService@garda.ie**

12 **Dún na nGall**
Na Gleannta, Co. Dhún na nGall
Guthán **(0)74 955 1085**
Ríomhphost **Donegal.VictimService@garda.ie**

13 **Gaillimh**
An Gort, Co. na Gaillimhe
Guthán **(0)91 636495**
Ríomhphost **Gaillimh.VictimService@garda.ie**

14 **Ciarraí**
Oileán Ciarraí, Co. Chiarraí
Guthán **(0)66 716 3303**
Ríomhphost **Kerry.VictimService@garda.ie**

15 **Cill Dara**
An Nás, Co. Chill Dara
Guthán **(0)45 884395**
Ríomhphost **Kildare.VictimService@garda.ie**

16 **Laois/Uíbh Fhailí**
Port Laoise, Co. Laoise
Guthán **(0)57 867 4195**
Ríomhphost **LaoisOffaly.VictimService@garda.ie**

17 **Luimneach**
Sráid Anraí, Luimneach
Guthán **(0)61 212496**
Ríomhphost **Limerick.VictimService@garda.ie**

18 **Lú**
Dún Léire, Co. Lú
Guthán **(0)41 686 2388**
Ríomhphost **Louth.VictimService@garda.ie**

19 **Maigh Eo**
Béal Átha na Muice, Co. Mhaigh Eo
Guthán **(0)94 925 3139**
Ríomhphost **Mayo.VictimService@garda.ie**

Oifigí Seirbhíse an Gharda Síochána d'Íospartaigh Uile ar Fud na Tíre

**20 An Mhí**
An Uaimh, Co. na Mí
Guthán **(0)46 903 6370**
Ríomhphost **Meath.VictimService@garda.ie**

**21 Ros Comáin/An Longfort**
Bóthar an Chlochair, Ros Comáin
Guthán **(0)90 663 8389**
Ríomhphost
**RoscommonLongford.VictimService@garda.ie**

**22 Sligeach/Liatroim**
Cora Droma Rúisc
Guthán **(0)71 965 0517**
Ríomhphost **SligoLeitrim.VictimService@garda.ie**

**23 Tiobraid Árann**
An Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann
Guthán **(0)504 32636**
Ríomhphost **Tipperary.VictimService@garda.ie**

**24 Port Láirge/Cill Chainnigh/Ceatharlach**
Cill Chainnigh, Co. Chill Chainnigh
Guthán **(0)56 777 5090**
Ríomhphost **WaterfordKilkennyCarlow.VictimService@garda.ie**

**25 An Iarmhí**
Dealbhna, Co. na hIarmhí
Guthán **(0)44 966 8102**
Ríomhphost **Westmeath.VictimService@garda.ie**

**26 Loch Garman**
Loch Garman, Co. Loch Garman
Guthán **(0)53 916 5297**
Ríomhphost **Wexford.VictimService@garda.ie**

**27 Cill Mhantáin**
Bré, Co. Chill Mhantáin
Guthán **(0)1 666 5360**
Ríomhphost **Wicklow.VictimService@garda.ie**

# Láithreáin ghréasáin áisiúla

Mar íospartach na coireachta, tá an ceart agat go gcuirfear seirbhísí tacaíochta ar fáil duit, saor in aisce. Seo thíos liosta de roinnt acmhainní atá ar fáil d'íospartaigh na coireachta. Mura bhfuil tú cinnte cén seirbhís tacaíochta é an ceann ceart duit, is féidir leat glao ar Oifig áitiúil Seirbhíse an Gharda Síochána d'Íospartaigh nó an Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta ar **116 006** chun teacht ar bhreis faisnéise.

**AdVIC – abhcóidí d'íospartaigh an dúnbhású**
Déanann AdVIC feachtas ar son cearta d'íospartaigh an dúnbhásaithe agus a dteaghlaigh. Tugann sé teaghlaigh atá thíos le méala mar gheall ar dhúnbhású le chéile agus cuireann sé comhairleoireacht ghairmiúil ar fáil.
Láithreán Gréasáin **www.advic.ie**
Guthán **1800 852 000**

**CARI – seirbhísí do leanaí agus ógánaigh**
Cuireann CARI seirbhísí tacaíochta ar fáil do leanaí agus ógánaigh atá thíos le saincheist drochúsáide gnéasaí. Cuireann sé tacaíocht ar fáil, chomh maith, do dhaoine muinteartha agus cúramóirí eile.
Láithreán Gréasáin **www.cari.ie**
Guthán **1890 924 567**

**Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta**
Seirbhís éisteachta agus tacaíochta í an Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta d'íospartaigh na coireachta in Éirinn.
Láithreán Gréasáin **www.crimevictimshelpline.ie**
Guthán **116 006**

**Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath**
Cuireann Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath réimse seirbhísí tacaíochta ar fáil do mhná agus d'fhir a bhíonn thíos le héigniú, le hionsaí gnéasach, leis an gciapadh gnéasach nó leis an drochúsáid ghnéasach in aois an pháiste.
Láithreán Gréasáin **www.drcc.ie**
Guthán **1800 77 8888**

**Cúnamh na bhFear – seirbhís tacaíochta d'fhir**
Cuireann Cúnamh na bhFear seirbhísí tacaíochta agus faisnéise ar fáil d'fhir a bhí thíos le nó atá thíos le foréigean baile.
Láithreán Gréasáin **www.mensaid.ie**
Guthán **+353 (0)1 554 3811**

**Líne Chabhrach na nDaoine ar Iarraidh**
Cuireann Líne Chabhrach na nDaoine ar Iarraidh tacaíocht ar fáil do theaghlaigh agus daoine aonair a bhfuil gaol, cara nó comhghleacaí leo ar iarraidh.
Láithreán Gréasáin **www.missingpersons.ie**
Guthán **1890 442 552**





**One In Four**
Cabhraíonn One in Four le daoine fásta a rinneadh mí-úsáid ghnéasach dóibh orthu agus nuair a bhí siad óg, lena dteaghlachsan, agus leosan a rinne iompar díobhálach gnéasach.
Láithreán Gréasáin **www.oneinfour.ie**
Guthán **(01) 66 24070**

**Líonra Éigeandála um Éigniú na hÉireann**
Is é Líonra Éigeandála um an Éigniú an bratchomhlacht ionadaíoch do gach uile Ball-Ionad Éigeandála um Éigniú, a chuireann comhairle, comhairleoireacht agus tacaíocht saor in aisce ar fáil do dhaoine a thagann slán as drochúsáid ghnéasach.
Láithreán Gréasáin **www.rapecrisishelp.ie**
Guthán **(01) 865 6954**

**Ruhama**
Cuireann Ruhama tacaíocht ar fáil d'íospartaigh an striapachais agus na gáinneála eagraithe ar ghnéas.
Láithreán Gréasáin **www.ruhama.ie**
Guthán **(01) 836 0292**

**Tacaíocht i ndiaidh Dúnbhású/Support After Homicide**
Cuireann Tacaíocht i ndiaidh Dúnbhású tacaíocht mhothúchánach agus faisnéis phraiticiúil ar fáil do dhaoine a ndearna dúnbhású difear dá saol.
Láithreán Gréasáin **www.supportafterhomicide.ie**
Guthán **087 983 7322**

**Cúnamh do Mhná**
Cuireann Cúnamh do Mhná seirbhísí tacaíochta agus faisnéise ar fáil do mhná a bhí thíos leis an drochíde sa teaghlach, nó atá thíos leis faoi láthair.
Láithreán Gréasáin **www.womensaid.ie**
Líne Chabhrach 24 uair an chloig **1800 341 900**

## Láithreáin ghréasáin áisiúla eile

An Garda Síochána **www.garda.ie**

An tSeirbhís Chúirteanna **www.courts.ie**

Tusla **www.tusla.ie**

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte **www.hse.ie**

Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta
Guthán **116 006**
**CrimeVictimsHelpline.ie**

**An Garda Síochána**

Chun teacht ar eolas ar chearta íospartach nó sonraí faoi sheirbhísí tacaíochta saor in aisce d'íospartaigh nó chun coir a thabhairt le fios, tabhair cuairt ar **www.garda.ie**

Ceanncheathrú an Gharda Síochána
Pairc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8, D08 HN3X
Guthán +353 (0)1 666 0000